# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH** **MAIDIN 9:30 – 12:30**

# TREORACHA

1. Freagair **Roinn A** agus **Roinn B** de **Cheist 1** agus **CEITHRE** cheist eile.

2. Ní mór na freagraí go léir a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil.

3. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

4. Cuirtear páipéar cearnógach ar fáil do ghraif, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtugann tú fúithi.

**Ceist 1.** **(100 marc)**

## Roinn A – 50 Marc

Freagair **deich gcinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**:



**(a)** Ainmnigh na príomhphróisis a úsáidtear chun an t-aghaidhgharda miotail ar an gclogad iománaíochta a thaispeántar a mhonarú.

**(b)** Mínigh an téarma *allatrópacht* maidir le cruach charbóin.

**(c)** Luaigh an cuspóir atá le **dhá cheann ar bith** de na comharthaí sábháilteachta a thaispeántar.



**(i)** **(ii)** **(iii)**

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaincheist a bhaineann le diúscairt cartáin chúrpholaistiréine.

**(e)** Déan cur síos, le cabhair léaráide oiriúnaí, ar an nasc miotalach.

**(f)** Déan idirdhealú idir seoltóir teirmeach agus seoltóir leictreach.

**(g)** Rinne Newbridge Silverware® raon de sheodra airgid chun 2011 a cheiliúradh mar 'Bliain na Ceardaíochta' in Éirinn. Mol **dhá** airí ábhair a dhéanann an t-airgead oiriúnach le haghaidh obair cheardaíochta.



**(h)** Mínigh an téarma *fachtóir sábháilteachta*.


**(i)** Déan idirdhealú idir sorcóir aonghníomhach agus sorcóir déghníomhach i rialú neomatach.

**(j)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na giorrúcháin seo a leanas agus mínigh a mbrí:
**(i)** ISP **(ii)** LDR **(iii)** RAM **(iv)** CAD.

**(k)** Déan plé ar an méid a chuir **duine amháin ar bith** díobh seo a leanas leis an teicneolaíocht:
**(i)** George Devol **(ii)** Theodore Maiman **(iii)** Francis Beaufort

**(l)** Déan cur síos ar thábhacht na céime *measúnú* sa phróiseas dearaidh.

**(m)** Déan cur síos, le cabhair léaráide oiriúnaí, ar mhodh **amháin** a úsáidtear chun roth giair níolóin a dhaingniú le seafta mótair DC mar a thaispeántar.




**Roinn B – 50 Marc**

Freagair **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(n)** Úsáidtear teicneolaíochtaí léasair (*Aimpliú Solais trí Astaíocht Spreagtha Radaíochta*) go coitianta sa tsochaí nua-aimseartha.
Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** a úsáideann teicneolaíocht léasair **i ngach ceann** faoi seach díobh seo a leanas:

**(i)** Siamsaíocht;
**(ii)** Tionsclaíocht.

**(o)** Léirítear prionsabal léasair shimplí sa léaráid thíos.




**(i)** Ainmnigh na páirteanna **A**, **B** agus **C**.
**(ii)** Déan cur síos ar phrionsabal oibriúcháin an léasair seo.
**(iii)** Liostaigh **dhá** fhoinse fuinnimh **ar bith** don léasar seo.

**(p)** Tá solas léasair difriúil leis an ngnáthsholas. Baineann na hairíonna seo a leanas le solas léasair. Tá sé:

- Monacrómatach
- Comhleanúnach
- Treoch.

Mínigh **dhá cheann ar bith** de na hairíonna sin.

**(q)** Is é is *lasik* ann ná teicneolaíocht léasair a úsáidtear chun raon fadhbanna radhairc a cheartú trí chruth na súile a athrú, mar a thaispeántar.



**(i)** Déan cur síos ar **dhá** airí a dhéanann teicneolaíocht léasair oiriúnach don fheidhm sin.

**(ii)** Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht léasair a úsáid i gcúrsaí leighis.


**(r)** Mínigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Na feidhmithe atá ag *gearradh galaithe le léasar* agus ag *gearradh le comhleá léasar*;
**(ii)** Na guaiseacha sábháilteachta a bhaineann le teicneolaíocht léasair thionsclaíoch d’Aicme IV;
**(iii)** Fótón.

**Ceist 2.** **(50 marc)**


**(a)** **(i)** Déan cur síos ar phrionsabal oibriúcháin tástáil tuairte **amháin ar bith**.

**(ii)** Cuir an dá thástáil tuairte atá léirithe sna léaráidí **A** agus **B** i gcomparáid le chéile.



Tástáil tuairte **A** Tástáil tuairte **B**

**(b)** Fuarthas na torthaí a thaispeántar thíos as sraith tástálacha teanntachta ar na miotail seo a leanas: **Prás**, **Copar** agus **Cruach bhog**.




**(i)** Déan cur síos ar mhéid na brisce **i ngach ceann** de na miotail a thaispeántar.

**(ii)** Mínigh an difríocht idir an staid leaisteach agus an staid phlaisteach nuair a chuirtear cruach bhog faoi thástáil teanntachta.

**(c)** **(i)** Baintear úsáid as raon de thástálacha neamhscriosacha (NDT) i monarú agus i gcothabháil eitleán chun seiceáil le haghaidh fabhtanna inmheánacha agus seachtracha.
Ainmnigh **dhá** thástáil NDT a scrúdaíonn fabhtanna dromchla agus **dhá** thástáil NDT a aimsíonn fabhtanna inmheánacha.

**(ii)** Déan cur síos, le cabhair léaráidí oiriúnacha, ar thástáil neamhscriosach **amháin** a úsáidtear chun seiceáil le haghaidh fabhtanna inmheánacha in ailt tháthaithe.

**Ceist 3.** **(50 marc)**


**(a)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na próisis chóireála teasa seo a leanas:

**(i)** Ainéaladh;

**(ii)** Normalú;

**(iii)** Carbrú.


**(b)** Taispeántar próiseas lasairchruachana thíos.




**(i)** Déan cur síos ar phrionsabal oibriúcháin an phróisis lasairchruachana seo.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhmiú **amháin** don phróiseas sin.

**(c)** Taispeántar cuid shimplithe den léaráid chothromaíochta iarainn-carbóin.




**(i)** Ainmnigh na réigiúin **A**, **B**, **C** agus **D** a thaispeántar.

**(ii)** Ainmnigh na pointí **X** agus **Y** agus déan cur síos orthu.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** Pléigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** An difríocht idir tuaslagán scáineach soladach agus tuaslagán ionadúil soladach;

**(ii)** Cuar fuaraithe do chóimhiotal;

**(iii)** Sampla **amháin** de scagadh miotail in Éirinn;

**(iv)** Brí an téarma *solvus*.

**(b)** Taispeánann an tábla teochtaí soladaithe do na cóimhiotail éagsúla de Chaidmiam agus de Bhiosmat.


| **% Caidmiam sa chóimhiotal** | 0 | 10 | 20 | 30 | 40 | 50 | 60 | 70 | 80 | 90 | 100 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladaithe (˚C)** | 268 | 237 | 205 | 175 | 140 | 190 | 235 | 265 | 290 | 310 | 321 |
| **Críoch an tsoladaithe (˚C)** | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 |

**(i)** Agus úsáid á baint agat as an ngrafpháipéar a thugtar, tarraing léaráid chothromaíochta teirmí de réir na sonraí a thugtar;

**(ii)** Cuir lipéid ar na príomhghnéithe den léaráid agus déan cur síos orthu;

**(iii)** Mínigh an téarma *cóimhiotal eoitéicteach*.

**(c)** Taispeántar léaráid de línelocht i laitís chriostail.




**(i)** Ainmnigh an locht seo agus déan cur síos air.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar fórsa fiartha ar an locht a thaispeántar.

**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Léirítear an próiseas stuatháthaithe tumtha (SAW).




**(i)** Déan cur síos ar phrionsabail oibriúcháin an stuatháthaithe tumtha (SAW).

**(ii)** Ainmnigh feidhm **amháin** atá ag SAW.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le dathchódú i dtrealamh ocsaicéitiléine agus tabhair samplaí;

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh in ullmhú trealaimh agus ábhar le haghaidh táthú ocsaicéitiléine;

**(iii)** Déan cur síos ar tháthú ilrití;

**(iv)** Déan cur síos ar cineál **amháin** táthaithe atá oiriúnach do tháthú uathoibrithe painéal cruach i monarú gluaisteán.

**(c)** Déan cur síos, le cabhair léaráidí oiriúnacha, ar phríomhghnéithe **ceann amháin** díobh seo a leanas:

**(i)** Táthú tungstain támhgháis (TIG);

**(ii)** Stuatháthú miotail de láimh (MMA).

**NÓ**

**(c)** Baintear úsáid fhorleathan as spot-táthú friotaíochta i monarú innealtóireachta faoi rialú róbatach.




**(i)** Mínigh cén fáth a bhfuil spot-táthú friotaíochta oiriúnach do rialú róbatach.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** phróiseas thionsclaíocha eile ina n-úsáidtear rialú róbatach go forleathan.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Agus tagairt agat don phróiseas monaraithe polaiméire a thaispeántar sna léaráidí thíos, freagair iad seo a leanas:




**(i)** Ainmnigh an próiseas **agus** déan cur síos ar an bprionsabal oibriúcháin.

**(ii)** Luaigh an cineál polaiméire a úsáidtear sa phróiseas sin.

**(iii)** Ainmnigh comhpháirt **amháin** a d'fhéadfaí a tháirgeadh agus an próiseas seo á úsáid.

**(b)** Déan idirdhealú idir *teirmeaplaistigh* agus *plaistigh theirmithéachtacha* agus úsáid á baint agat as **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:

**(i)** Próiseas polaiméiriúcháin;

**(ii)** Nascadh ceimiceach;

**(iii)** Struchtúr inmheánach;

**(iv)** Airíonna.

**(c)** Mínigh go mion **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Leaistiméir;

**(ii)** Catalaíoch;

**(iii)** Múnláil shéidte;

**(iv)** GRP;

**(v)** Lannán.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le sreabhán gearrtha a úsáid sa mheaisíniú;


**(ii)** Déan cur síos ar fheidhm *cnoga roinnte* ar mheaisín muilleála;

**(iii)** Mínigh an téarma *lamháltas* i gcórais tomhais na hinnealtóireachta;

**(iv)** Déan cur síos ar na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar bhailchríoch dromchla miotail nuair a bhíonn deileadh comhthreomhar á dhéanamh ar an deil;

**(v)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a ghabhann le crágán maighnéadach a úsáid ar mheaisín líofa.

**(b)** Tá bealú ríthábhachtach le go n-oibreoidh páirteanna meaisín go héifeachtach i gcóras innealtóireachta mar an ceann a thaispeántar.




**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil an bealú tábhachtach i bpróisis mheaisínithe.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** ábhar bealaithe **ar bith** a úsáidtear go coitianta i meaisíní innealtóireachta.

**(c)** Tabhair breac-chuntas, le cabhair léaráidí, ar na bundifríochtaí idir na téarmaí meaisínithe **i ngach ceann** faoi seach díobh seo a leanas:

**(i)** Lódáil agus glónrú rothaí líofa;

**(ii)** Deilbhiú agus giniúint ar an deil.

**NÓ**

**(c)** Ba i réimse na hinnealtóireachta tionsclaíche ba thúisce a úsáideadh ríomhtheicneolaíocht. Déan cur síos ar úsáid **amháin ar bith** den ríomhtheicneolaíocht **i ngach ceann** díobh:

**(i)** Taighde;

**(ii)** Dearadh táirge;

**(iii)** Teicnící táirgthe.

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh oibríocht **ceann amháin ar bith** de na meicníochtaí a thaispeántar agus déan cur síos ar an oibríocht.



**(i)**



**(ii)**

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** An tiontú fuinnimh a tharlaíonn i gcadhnra cairr;

**(ii)** Feidhm an ghiair réchasta;

**(iii)** Feidhm **amháin** atá ag meicníocht raicíneach agus ceapachóir;

**(iv)** An úsáid a bhaintear as slogaide teasa i gciorcad leictreonach;

**(v)** Na buntáistí a bhaineann le grianphainéil a úsáid.

**(c)** Déan cur síos, le cabhair léaráidí oiriúnacha, ar mhodh **amháin** chun tiomáint neamhspleách a chur ar fáil do gach roth den fheithicil faireachais tír-raoin a thaispeántar.



**NÓ**

**(c)** Úsáidtear micrishliseanna ciorcaid iomlánaithe (IC) i mórán fearas leictreach.

**(i)** Ainmnigh ábhar leathsheoltach **amháin** a úsáidtear i monarú ciorcad iomlánaithe.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le micrishliseanna IC a úsáid de rogha ar chiorcaid a thógáil agus úsáid á baint as comhpháirteanna traidisiúnta.



# Leathanach Bán

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

**LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2012**

**ENGINEERING - PRACTICAL**
**HIGHER and ORDINARY LEVELS**

**150 marks**

**30th APRIL - 11th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved by the **teacher** on the test-piece in the position indicated on the drawing 2012. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 4 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 5 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 6, 7 and 8 have been made prior to examination day. Using the screws supplied assemble the Lock Mechanism, as detailed on the assembly drawing.
**(ii)** **Accuracy, finish and function are important.**

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

**INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL**
**ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL**

**150 marc**

**30 AIBREÁN - 11 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2012. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.


As na hábhair a sholáthraítear, an **Mheicníocht Ghlasála** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 4 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 5 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 6, 7 agus 8 roimh lá an scrúdaithe. Ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, déan an Mheicníocht Ghlasála faoi mar atá sa líníocht cóimeála.
**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL 2012. M74A(L 1)

LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL





THALL

OVER

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2012. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL




SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

FEIDHM: Ní theastaíonn ach casadh 180° amháin chun an mheicníocht ghlasála a oscailt nó a dhúnadh.

FUNCTION: A revolution of 180° only is required to open or close the lock mechanism.

SONRAÍ CÓIMEÁLA
ASSEMBLY DETAILS